

BUNREACT AMLITPL

Brollach:

Tá anseo istigh airteagail bhunreachta Aontas Mic Léinn Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Baineann an bunreacht seo a údarás ó mhic léinn Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Toghtar Aontas Mic Léinn WIT go daonlathach ag mic léinn, a oibríonn ina dhiaidh sin thar ceann na mac léinn. Is é misean Aontas Mic Léinn WIT chun ionadaíocht a dhéanamh dá chomhaltaí agus cearta a chomhaltaí a chur chun cinn, a chosaint agus a dheimhniú ar gach leibhéal den tsochaí.

Airteagal a hAon: *Aidhmeanna agus Cuspóirí*

1.1 Ionadaíocht a dhéanamh do chomhaltaí of AMLITPL maidir le ceistanna a bhaineann lena gcearta agus leasanna mar mhic léinn den Institiúid agus mar bhaill de shochaí na hÉireann.

1.2 Saoráidí nó seirbhísí a lorg a theastaíonn óna gcomhaltaí agus sa chás gur cuí; lorgóidh AMLITPL chun an tseirbhís nó an tsaoráid sin a sholáthar é féin.

1.3 Oibriú go gníomhach i gcomhar leis an Institiúid agus dea-chaidreamh a chothú go gníomhach leis an Institiúid agus leis an bpobal i gcoitinne.

1.4 Dícheall a dhéanamh chun feabhas a chur ar chóras oideachais na hÉireann.

Airteagal a Dó: Ballraíocht de AMLITPL

2.1 Beidh gach duine de na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí iomlána de AMLITPL:

2.1.1 Gach mac léinn cláraithe den Institiúid.

2.1.2 Oifigigh Shabóideacha Thofa.

2.2 Beidh comhaltaí iomlána i dteideal an mhéid seo a leanas:

2.2.1 Labhairt ag agus vóta a chaitheamh ag Cruinnithe Ginearálta, toghcháin agus reifrinn.

2.2.2 Toghchán a lorg ar leibhéal ar bith.

2.2.3 Seirbhísí agus acmhainní AMLITPL a bheith curtha ar fáil dóibh.

2.3 Tá gach mac léinn páirtaimseartha ina gcomhaltaí de AMLITPL ach ní féidir leo seasamh sa toghchán d'aon phost in AMLITPL.

2.4 Beidh catagóir de bhallraíocht ann, chomh maith, ar a dtugtar ballraíocht oinigh:

2.4.1 Beidh na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí oinigh:

2.4.2 Na hiaroifigigh Shabóideacha go léir.

2.4.3 Daoine aonair a bheartaíonn an fheidhmeannacht agus a dhaingnigh comhairle AMLITPL.

2.5 Bíonn comhaltaí oinigh i dteideal labhairt ag cruinnithe ginearálta. Ní bheidh siad i dteideal vóta a chaitheamh ag aon chruinniú, toghchán ná reifrinn a chuireann AMLITPL ar siúl ná toghadh a lorg ar leibhéal ar bith, mura ndéantar mac léinn cláraithe lánaimseartha de chomhalta oinigh amach anseo.

2.6 Ní ghearrann AMLITPL táille bhallraíochta agus braitheann sé ar ioncam a ghiniúint agus bloodheontas a leithdháileann an Institiúid chun a ghníomhaíochtaí a chistiú.

2.7 Féadfaidh aon mhac léinn a roghnú gan aon bhaint a bheith aige/aici le AMLITPL trí Uachtarán AMLITPL a chur ar an eolas ar ríomhphost gur mian leis an mac léinn amhlaidh a dhéanamh. Ar an

bhfógra sin a fháil, rachaidh AMLITPL i mbun na mbeart, a fhad agus go mbíonn smacht ag AMLITPL orthu nó go mbíonn cumhacht soláthair ag AMLITPL orthu, chun ainm agus sonraí teagmhála an mhic léinn a bhaint ó chlár an toghcháin agus ó bhunacha(i)r s(h)onraí c(h)umarsáide AMLITPL. Tá AMLITPL tiomanta tacú le mic léinn uile na hInstitiúide cé acu má bhíonn nó mura mbíonn baint acu le AMLITPL agus, d'ainneoin fógra dícheangail a fháil, beidh an Institiúid ar fáil chun tacú le haon mhac léinn dícheangailte, dá mba mhian leis an mac léinn go ndéanfaidh an Institiúid amhlaidh ina dhiaidh sin.

2.8 Nuair a bhíonn Aontas na Mac Léinn cleamhnaithe le haon eagraíocht(aí), ní bheidh na cleamhnuithe sin ina gceangal ar Aontas na Mac Léinn a fhad agus nach sáraítear airteagail an bhunreachta seo.

Airteagal a Trí: *Struchtúir AMLITPL*

3.1 Déantar gach bunreacht roimhe seo a chúlghairm, leis seo. Déantar ballraíocht, toghcháin, ceapacháin agus beartais ar glacadh leo faoi bhunreachtanna roimhe seo a dhaingniú, leis seo, agus leanfaidh siad a bheith i bhfeidhm faoi réir théarmaí an bhunreachta seo. Má thagann aon choimhlint chun solais, beidh forlámhas ag an mbunreacht seo.

3.2 Tabharfar faoi bhainistíocht ghinearálta AMLITPL ar cheithre leibhéal:

1. Reifreann.
2. Cruinnithe Ginearálta.
3. Comhairle AMLITPL.
4. Feidhmeannacht AMLITPL.

Airteagal a Ceathair: *Reifreann*

4.1 Ní féidir an bunreacht seo, an brollach, sainmhínithe, saoráil faisnéise agus airteagail a athrú ach trí reifreann.

4.2 Ní féidir reifreann a ghairm ach:

4.2.1 Ag tromlach dhá thrian de chomhairle AMLITPL le córam.

4.2.2 Ag achainí 350 comhalta de AMLITPL ina luaitear cuspóir an reifrinn agus a sholáthraíonn dréachtcheist a chur ar na comhaltaí sa reifreann (ar féidir é a athrú i ndiaidh an achainí a fháil chun aon chomhairle dlí a chomhlíonadh a lorg AMLITPL.) Caithfear an Achainí a chur faoi bhráid Cean Comhairimh AMLITPL.

4.3 Déanfar cinneadh ar reifreann trí thromlach simplí.

4.4 Beidh córam 15% de na toghthóirí bailí ag teastáil chun go mbeidh toradh reifrinn bailí.

4.5 Beidh reifrinn ceangailteach ar gach comhlacht de chuid AMLITPL agus ní féidir aon reifreann eile a chur ar siúl ar an tsaincheist chéanna d'fhad na bliana acadúla.

4.6 Déanfar reifreann a ghairm laistigh de 10 lá oibre i ndiaidh go ndéantar achainí leis an gCean Comhairimh. Ní chuirfear reifreann ar siúl tráth nach luaithe ná dhá sheachtain téarma acadúil agus tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine acadúla i ndiaidh go ndearnadh é a ghairm.

4.7 Cuirfear gach rún do reifrinn in airde ag láithreacha feiceálacha ar fud na láithreacha go léir san Institiúid ar a laghad cúig lá léachtóireachta sula mbeidh an reifreann ar siúl.

Airteagal a Cúig: Cruinniú Ginearálta

5.1 Is é an cuspóir a bheidh ag Cruinniú Ginearálta:

5.1.1 Déileáil le saincheistanna atá ina n-ábhar buartha ag comhaltaí AMLITPL.

5.1.2 Déileáil le ceistanna a chuir Cruinniú AMLITPL faoi bhráid an Chruinnithe Ghinearálta.

5.2 Is féidir leo seo a leanas Cruinnithe Ginearálta a ghairm:

1. Uachtarán AMLITPL.
2. Feidhmeannacht AMLITPL.
3. Tromlach chomhairle AMLITPL le córam.
4. Achainí a shínigh 300 comhalta de AMLITPL, ina luaitear cuspóir an Chruinnithe Ghinearálta.

5.3 Is éard a bheidh sa chóram do chruinniú ginearálta 50 comhalta de AMLITPL.

5.3.1 Mura mbaintear an córam amach do chruinniú ginearálta, is féidir an mír ar chlár cruinnithe a chur faoi bhráid na chéad Chomhairle d'Ionadaithe Ranga eile.

Airteagal a Sé: Comhairle na nIonadaithe Ranga

6.1 Beidh comhlacht ionadaíoch ann, a dheimhneoidh beartas AMLITPL agus sainordú Fheidhmeannacht AMLITPL, faoi réir an bhunreachta seo agus chinntí an Chruinnithe Ghinearálta agus reifreann. Tabharfar Comhairle AMLITPL ar an gcomhlacht seo agus casfaidh siad ar a chéile ceithre huaire, ar a laghad, agus 6 huaire, ar a mhéid, gan comhairlí éigeandála a áireamh, i rith na bliana acadúla.

6.2 Is éard a bheidh i gComhairle AMLITPL Feidhmeannacht AMLITPL agus ionadaithe tofa gach ranga chláraithe san Institiúid.

6.3 Beidh ar a laghad ionadaí amháin tofa i ngach rang agus beidh 30 mac léinn nó níos lú sa rang sin. Moltar do ranganna ina bhfuil breis agus 30 mac léinn an dara hionadaí ranga a bheith acu.

6.4 Is ionann a bheidh an córam agus 20% de chomhaltaí tofa Chomhairle AMLITPL.

6.5 Is féidir leis na daoine seo a leanas cruinniú éigeandála Chomhairle AMLITPL a ghairm:

1. Uachtarán AMLITPL.
2. Feidhmeannacht AMLITPL.
3. 20% de chomhaltaí Chomhairle AMLITPL i ndiaidh achainí scríofa a chur faoi bhráid Uachtarán AMLITPL, ina luaitear cuspóir an chruinnithe.

6.6 Fógrófar gach cruinniú de Chomhairle AMLITPL ar a laghad cúig lá roimh an gcruinniú.

6.7 Caithfear rúin le haghaidh plé a chur san áireamh, chomh maith leis an bhfógra scríofa a thugtar faoi chruinniú Chomhairle AMLITPL ar a laghad cúig lá roimh an gcruinniú.

6.7.1 Is féidir rúin éigeandála a thabhairt chun solais faoi Chlár Cruinnithe.

6.8 Duine seachtrach a bheidh i gCathaoirleach Chomhairle na nIonadaithe Ranga atá daingnithe ag Comhairle na nIonadaithe Ranga ag chéad chruinniú na bliana.

6.8.1 In éagmais an chathaoirligh, ceapfar ionadaí ainmnithe ranga.

6.9 Cuirfear tuarascáil airgeadais bhliantúil faoi bhráid Chomhairle na nIonadaithe Ranga ag cruinniú deiridh na bliana acadúla.

Airteagal a Seacht: An Fheidhmeannacht

7.1 Beidh Feidhmeannacht AMLITPL ann.

7.2 Beidh sí freagrach as an méid seo a leanas:

7.2.1 Tionscnamh agus forbairt bheartas AMLITPL.

7.2.2 Tabhairt faoi chinntí an Chruinnithe Ghinearálta, Chomhairle na nIonadaithe Ranga agus reifreann.

7.2.3 Foireann a cheapadh go foirmiúil.

7.2.4 Tabhairt faoi na feidhmeanna sin a bhféadfadh Uachtarán AMLITPL iarraidh orthu a dhéanamh.

7.2.5 I gcás comhionannas vótaí, beidh an vóta réitigh ag an Uachtarán.

7.3 Is éard a bheidh i bhFeidhmeannacht AMLITPL:

1. Uachtarán AMLITPL.
2. Leas-Uachtarán AMLITPL / Oideachais.
3. Leas-Uachtarán AMLITPL / Leas.
4. An tOifigeach Cumarsáide.
5. An tOifigeach Siamsaíochta.
6. Oifigeach na Mac Léinn Lánfhásta.
7. Oifigeach na Mac Léinn Iarchéime.
8. Oifigeach na Mac Léinn Idirnáisiúnta.

9. Ionadaí na Chéad Bhliana.
10. Tionólaithe Scoile ó gach scoil den Institiúid.

7.4 Beidh Uachtarán AMLITPL ina P(h)ríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina p(h)ríomhurlabhraí do AMLITPL agus beidh sé/sí freagrach as an méid seo a leanas:

1. Ionadaíocht.
2. Airgeadas.
3. Eagrú agus bainistíocht fhoireann AMLITPL agus Fheidhmeannacht AMLITPL.
4. Beartas a mhaoirsiú agus a threorú.
5. Beidh Uachtarán AMLITPL ina p(h)ríomh-léirmhínteoir den bhunreacht seo faoi réir achomhairc ón mBord Achomhairc.
6. Beidh Uachtarán AMLITPL ina c(h)athaoirleach ar na comhlachtaí seo a leanas de AMLITPL:

1. Cruinnithe Fheidhmeannacht AMLITPL.
2. Cruinnithe Ginearálta.
3. An obair bhreise nó eile sin a shainordóidh an Chomhairle nó Cruinnithe Ginearálta.

7.5 Beidh an Leas-Uachtarán Oideachais freagrach as na limistéir seo a leanas:

1. Cásobair agus beartas oideachais.
2. Deontais mic léinn.
3. Cúnamh a thabhairt d'fhostaíocht agus gairmeacha beatha mic léinn.
4. Ionadaithe Ranga.
5. An obair bhreise nó eile sin a shainordóidh an Chomhairle nó Cruinnithe Ginearálta nó a leithdháilfidh an tUachtarán.

7.6 Beidh an Leas-Uachtarán Leasa freagrach as na limistéir seo a leanas:

1. Cásobair agus beartas Leasa agus Comhionannais.
2. Airgeadas mic léinn.
3. Cóiríocht.

4. Sláinte ghinearálta.
5. Sábháilteacht agus slándáil mic léinn.
6. An obair bhreise nó eile sin a shainordóidh an Chomhairle nó Cruinnithe Ginearálta nó a leithdháilfidh an tUachtarán.

7.7 Gníomhóidh an tOifigeach Cumarsáide mar rúnaí leis na comhlachtaí seo a leanas de chuid AMLITPL:

1. Feidhmeannacht AMLITPL.
2. Cruinnithe Ginearálta.
3. Comhairle na nIonadaithe Ranga.

Beidh an tOifigeach Cumarsáide freagrach, chomh maith, as miontuairiscí a chur i gcuntas ó gach cruinniú de chuid AMLITPL agus iad seo a chur faoi bhráid Uachtarán AMLITPL.

7.7 Beidh an tOifigeach Cumarsáide freagrach as fógairt agus as feasacht ar na comhlachtaí seo a leanas de chuid AMLITPL:

1. Feidhmeannacht AMLITPL.
2. Comhairle na nIonadaithe Ranga.
3. Cruinnithe Ginearálta.
4. Imeachtaí agus gníomhaíochtaí.

7.7.2 B'fhéidir go mbeidh an tOifigeach Cumarsáide freagrach as an obair bhreise nó eile sin a shainordóidh an Chomhairle nó Cruinnithe Ginearálta nó a leithdháilfidh an tUachtarán.

7.8 Beidh an tOifigeach Siamsaíochta freagrach as an méid seo a leanas:

Imeachtaí agus gníomhaíochtaí i rith an lae agus an tráthnóna a chuirtear ar siúl in AMLITPL i limistéar na siamsaíochta i gcomhar le Feidhmeannacht AMLITPL, leis na hOifigigh Shabóideacha go príomha.

B'fhéidir go mbeidh an tOifigeach Siamsaíochta freagrach as an obair bhreise nó eile sin a shainordóidh an Chomhairle nó Cruinnithe Ginearálta nó a leithdháilfidh an tUachtarán.

7.9 Beidh an tOifigeach Iarchéime freagrach as an méid seo a leanas:

7.9.1 Ionadaíocht a dhéanamh do mhic léinn larchéime laistigh d’Aontas na Mac Léinn.

7.9.2 Tá na freagrachtaí seo a leanas ar an Oifigeach larchéime:

7.9.2.1 Beidh sé/sí ina c(h)athaoirleach ar agus déanfaidh sé/sí maoirseacht ar oibriú an Ghrúpa Oibre larchéime.

7.9.2.2 Oibreoidh sé/sí le hOifigigh Shabóideacha lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht do mhic léinn larchéime i mbeartais agus feachtais Aontas na Mac Léinn.

7.9.2.3 Déanfaidh sé/sí ionadaíocht do mhic léinn larchéime i gcomhlachtaí ábhartha na hInstitiúide chun tabhairt faoi aidhmeanna agus cuspóirí Aontas na Mac Léinn agus beartais an Aontais a chur i bhfeidhm.

7.9.3 Mac léinn cláraithe iarchéime den Institiúid a bheidh san Oifigeach larchéime.

7.9.4 B’fhéidir go mbeidh an tOifigeach larchéime freagrach as an obair bhreise nó eile sin a shainordóidh an Chomhairle nó Cruinnithe Ginearálta nó a leithdháilfidh an tUachtarán.

7.10 Beidh an tOifigeach Mic Léinn Lánfhásta freagrach as an méid seo a leanas:

7.10.1 Ionadaíocht a dhéanamh do Mhic Léinn Lánfhásta laistigh d’Aontas na Mac Léinn.

7.10.2 Oibreoidh sé/sí le hOifigigh Shabóideacha lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht do Mhic Léinn Lánfhásta i mbeartais agus feachtais Aontas na Mac Léinn.

7.10 Mac léinn lánfhásta a bheidh san Oifigeach Mic Léinn Lánfhásta ar chlárú dó/di leis an Institiúid.

7.10.4 B’fhéidir go mbeidh an tOifigeach Mic Léinn Lánfhásta freagrach as an obair bhreise nó eile sin a shainordóidh an Chomhairle nó Cruinnithe Ginearálta nó a leithdháilfidh an tUachtarán.

7.11 Beidh an tOifigeach Mic Léinn Idirnáisiúnta freagrach as an méid seo a leanas:

7.11.1 Ionadaíocht a dhéanamh do Mhic Léinn Idirnáisiúnta laistigh de AMLITPL.

7.11.2 Oibreoidh sé/sí le hOifigigh Shabóideacha lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht do Mhic Léinn Idirnáisiúnta i mbeartais agus feachtais Aontas na Mac Léinn fad a ghníomhaíonn sé/sí mar phointe teagmhála idirnáisiúnta idir Mic Léinn Idirnáisiúnta agus oifigigh Shabóideacha AMLITPL.

7.11.3 Déanfaidh sé/sí idirchaidreamh go díreach leis an Oifig Idirnáisiúnta laistigh den Institiúid chun idirchaidreamh agus cuimsiú Mic Léinn Idirnáisiúnta a uasmhéadú laistigh de phobal na hInstitiúide agus laistigh dá ghníomhaíochtaí sóisialta agus acadúla.

7.11.4 B'fhéidir go mbeidh an tOifigeach Mic Léinn Idirnáisiúnta freagrach as an obair bhreise nó eile sin a shainordóidh an Chomhairle nó Cruinnithe Ginearálta nó a leithdháilfidh an tUachtarán.

7.12 Ionadaí na Chéad Bhliana:

Ceapfaidh Comhairle na nIonadaithe Ranga Ionadaí na Chéad Bhliana (“Ionadaí”) ag an gcéad chruinniú sa bhliain acadúil. Caithfear gurb Ionadaí Ranga atá san iarrthóir.

7.12.1 Is é ról Ionadaí na Chéad Bhliana a chinntiú go n-éistear le glór an mhic léinn chéad bhliana ar leibhéal Fheidhmeannacht AMLITPL.

7.12.2 B'fhéidir go mbeidh Ionadaí na Chéad Bhliana freagrach as an obair bhreise nó eile sin a shainordóidh an Chomhairle nó Cruinnithe Ginearálta nó a leithdháilfidh an tUachtarán.

7.13 Tionólaithe Scoile:

7.13.1 Beidh Tionólaí Scoile ann ó gach scoil san Institiúid. Comhalta d'Fheidhmeannacht AMLITPL a bheidh i ngach duine de na Tionólaithe Scoile.

7.13.2 Comhaltaí den chomhairle ón scoil ar leith a bheidh sna hiarrthóirí chun Tionólaí Scoile a thoghadh. Déanfaidh Ionadaithe Ranga a scoileanna tionólaithe a thoghadh don bhliain acadúil amach romhainn ag Comhairle dheireanach na nIonadaithe Ranga.

7.13.3 Is é a bheidh i bhfeidhmeanna an Tionólaí Scoile:

7.13.3.1 Is é an Tionólaí Scoile an príomhionadaí de scoil i bhFeidhmeannacht AMLITPL agus aon choistí eile is féidir a chruthú.

7.13.3.2 Tá an Tionólaí freagrach as cruinnithe a eagrú agus a fhógairt seachtain amháin sula dtiteann siad amach laistigh de scoil ar leith.

7.13.3.3 Cabhraíonn tionólaithe le hionadaithe Ranga ina scoile i gcomhar leis an Leas-Uachtarán / Oifigeach Oideachais.

7.13.3.4 An obair bhreise nó eile sin a shainordóidh an Chomhairle nó Cruinnithe Ginearálta nó a leithdháilfidh an tUachtarán.

7.14 I gcás go mbaintear an tionólaí d'oifig, go n-éiríonn sé/sí as, go bhfaigheann sé/sí bás nó i gcás éagumas oifigeach Feidhmiúcháin, cuirfear fothoghchán ar siúl má bhíonn dóthain ama ann, má chinneann Feidhmeannacht AMLITPL é sin. Seachas sin, glacfaidh Feidhmeannacht AMLITPL le freagracht an oifigigh sin.

7.15 Ní bheidh breis agus post amháin ag aon duine aonair amháin ag aon tráth amháin, murach go mbítear ag glacadh le dualgais oifigigh as láthair.

7.16 Roghnóidh Uachtarán AMLITPL a Leas-Uachtarán ar thosú na bliana acadúla.

Airteagal a hOcht: Toghcháin

8.1 Déanfar gach toghchán a chur ar siúl trí bhallóid rúnda ag an gcóras ionadaíochta comhréirí trí vóta aonair inaistrithe i gcomhréir leis an reachtaíocht agus rialacháin do thuras an ama chun comhaltaí a thoghadh le Dáil Éireann. Beidh comhaltaí iomlána AMLITPL i dteideal vóta a chaitheamh agus dul san iomaíocht do gach post Feidhmeannachta agus Sabóideacha, gan Tionólaithe agus Ionadaí na Chéad Bhliana a áireamh.

8.2 Ainmneoidh caoga comhalta iomlán de AMLITPL a shíníonn foirm ainmnithe oifigiúil iarrthóirí do phoist oifigigh pháirtaimseartha Fheidhmeannacht AMLITPL. Ainmneoidh aon 150 comhalta iomlán de AMLITPL a shíníonn foirm ainmnithe oifigiúil don chuspóir sin, iarrthóirí do phoist oifigigh pháirtaimseartha Fheidhmeannacht AMLITPL (Oifigigh Shabóideacha).

8.3 Mura bhfilléann an tOifigeach Feidhmiúcháin neamhshabóideach tofa ar an Institiúid don bhliain acadúil, titfidh fothoghchán amach a luaithe agus is indéanta sa chéad téarma acadúil.

8.4 In aon toghchán de AMLITPL, beidh ainmniúcháin athoscailte (RON) ar an mballóid.

Airteagal a Naoi: Oifigigh Shabóideacha

9.1 Titfidh Oifigigh Shabóideacha amach sa dara téarma acadúil ag dáta a dheimhníonn an Ceann Comhairimh i gcomhairle le Feidhmeannacht AMLITPL.

9.2 Beidh an téarma oifige d'Oifigeach Sabóideach ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh an bhliain dar gcionn.

9.3 B'fhéidir go mbeidh ar Oifigigh Shabóideacha atá ag dul as oifig oibriú taobh leis an Oifigeach Sabóideach nua do na chéad trí seachtaine de théarma oifige an Oifigigh Shabóidigh. Is faoi lánrogha na foireann Sabóidí nua a bheidh seo.

9.4 I gcás táinsimh, éirí as nó bás aon duine de na hOifigigh Shabóideacha, glacfaidh na hOifigigh Shabóideacha eile lena ról go huathoibríoch go dtí gur féidir fothoghchán a chur ar siúl má bhíonn dóthain ama ann, faoi mar a chinneann Feidhmeannacht AMLITPL.

Airteagal a Deich: Ceann Comhairimh

10.1 Beidh Ceann Comhairimh ann a bheartaíonn Feidhmeannacht AMLITPL agus a dhaingíonn Comhairle na nIonadaithe Ranga dheireanach na bliana roimhe sin.

10.2 Ceapfar an Ceann Comhairimh ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh an bhliain dar gcionn.

10.3 Sa chás go n-éiríonn an Ceann Comhairimh as nó nach féidir leis/léi a ról a chomhlíonadh, molfaidh Feidhmeannacht AMLITPL ceapachán nua ag an tráth is luaithe agus is féidir do Chomhairle na nIonadaithe Ranga.

10.4 Beidh an Ceann Comhairimh freagrach as gach toghchán a chur ar siúl d'oifigeach Feidhmiúcháin. Beidh an Ceann Comhairimh freagrach, chomh maith, as gach reifreann a chuir AMLITPL ar siúl a chomhaireamh.

10.5 Beidh an Ceann Comhairimh freagrach, chomh maith, as toghcháin a chur ar siúl do chomhaltaí Chomhairle AMLITPL nach Oifigigh Feidhmiúcháin AMLITPL iad.

10.6 Ní féidir leis an gCeann Comhairimh aon saghas de bhallraíocht AMLITPL a shealbhú, ná ní bheidh sé/sí fostaithe ag AMLITPL.

10.7 Ní féidir ach leis an mBord Achomhairc an Ceann Comhairimh a bhaint.

10.8 Beidh an Ceann Comhairimh freagrach as rialacháin a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm do gach toghchán agus reifreann faoi réir théarmaí an bhunreacht seo, a bheidh ceangailteach ar na páirtithe go léir a bhíonn bainteach. Cuirfear na rialacháin siúd ar fáil d'iarthóirí i dtoghcháin agus cuirfear in airde iad ag láithreacha feiceálacha ar fud shuíomhanna uile na hInstitiúide.

10.9 Caithfidh gach iarthóir le haghaidh tofa a bheith ina gcomhaltaí iomlána de AMLITPL agus ina mic léinn chláraithe den Institiúid.

10.10 Beidh cinneadh an Chinn Chomhairimh críochnaitheach i ngach ceist a bhaineann le toghcháin agus reifrinn, seachas i gcás achomhairc leis an mBord Achomhairc.

10.11 Féadfaidh an ceann comhairimh an cinneadh a dhéanamh chun athchomhaireamh a chur ar siúl dá dtoil féin nó i ndiaidh go n-iarrann iarthóir nó ionadaí amhlaidh i scríbhinn ar cheachtar taobh i bhfeachtas toghcháin nó reifrinn.

Airteagal a hAon Déag: Bord Achomhairc Neamhspleách

11.1 Beidh Bord Achomhairc Neamhspleách AMLITPL ann.

11.2 Is é an fheidhm a bheidh aige breithniú a dhéanamh ar agus breithiúnas a thabhairt ar an méid seo a leanas:

1. Ceisteanna disciplíneacha i ndáil le gach Oifigeach tofa agus comhaltaí de Chomhairle AMLITPL.
2. Achomhairc i ndáil le nósanna imeachta AMLITPL agus cinntí cinn chomhairimh.
3. Achomhairc a bhaineann le léirmhíniú Uachtarán AMLITPL ar an mbunreacht.

11.3 Is éard a bheidh sa bhallraíocht:

1. Aturnae AMLITPL atá fostaithe ag Feidhmeannacht AMLITPL.
2. Beirt iar-Oifigigh Shabóideacha, ar iar-Uachtarán duine amháin díobh.
3. Beirt chomhaltaí seachtracha nach raibh ina gcomhaltaí de AMLITPL.

11.4 Déanfaidh an Bord Achomhairc cinneadh ar a nósanna imeachta féin bunaithe ar dhlíthe an cheartais aiceanta.

11.5 Beidh cinntí uile an Bhoird Achomhairc críochnaitheach.

11.6 Beidh AMLITPL faoi dhliteanas íoc as na costais go léir a thaibhígh an Bord Achomhairc agus slánóidh sé a chomhaltaí go léir in aghaidh gach dliteanais a thaibhígh siad trína mballraíocht den Bhord Achomhairc.

11.7 Gabhfaidh táille €60 le gach achomharc. Sa chás go n-éiríonn le hachomharc, aisíocfar an táille.

Airteagal a Dó Dhéag: *Nósanna Imeachta Disciplíneacha*

12.1 Beidh na hoifigigh go léir faoi cheangal ag Téarmaí agus Coinníollacha dréachtaithe Post Oifigigh ag Feidhmeannacht AMLITPL. Daingneoidh Comhairle na nIonadaithe Ranga na Téarmaí agus Coinníollacha siúd.

12.2 Ní féidir oifigigh a bhaint ó oifigeach ar feitheamh reifreann táinsimh nuair a baineadh an córam amach agus nuair a bhaintear vóta 50% móide vóta amháin amach i bhfabhar.

12.3 In éagmais táinsimh, beidh de chumhacht ag an mBord Achomhairc Neamhspleách chun na smachtbhannaí disciplíneacha eile siúd a ghearradh a mheastar is cuí i gcomhthéacs gearáin ar seasadh leis, asbhaint pá agus/nó teidlíocht saoire a laghdú, ina measc ach gan a bheith teoranta dóibh.

Airteagal a Trí Déag: *Saoráil Faisnéise*

13.1 Beidh aon chomhalta i dteideal cóip den bhunreacht seo a iarraidh ó aon comhalta foirne Sabóideach nó lánaimseartha agus beidh sé ar fáil ar líne, chomh maith.

13.2 Beidh aon chomhalta lánaimseartha de AMLITPL in ann gach leabhar miontuairiscí ar Chruinnithe Ginearálta agus cruinnithe Chomhairle AMLITPL a iniúchadh ag aon oifig de AMLITPL, i rith uaireanta AMLITPL ach fógra dhá lá Institiúide a thabhairt.

13.3 Caithfear leabhair mhiontuairiscí riarachán na bliana seo caite a thabhairt do na hOifigigh Shabóideacha nua, ina n-iomláine.

Airteagal a Ceathair Déag: Slánaíocht

14.1 Slánófar gach oifigeach agus ní bheidh siad faoi dhliteanas íoc as aon chailteanais an Aontais ná aon éilimh a dhéantar ina n-aghaidh agus iad ag tabhairt faoina ndualgais a fhad agus a thugtar faoi na dualgais siúd i ngnáthchúrsa a bpoist oifigigh nó gur fhaomh an Coiste Feidhmiúcháin é roimh ré.

Airteagal a Cúig Déag: Sceidil

15.1 Is féidir le Comhairle na nIonadaithe Ranga sceidil a chur leis an mbunrecht seo faoi mar a chomhaontaíonn sí agus faoi mar a gcaitheann sí vóta air ach ní chuirfear iad in Airteagal ach ar feitheamh reifreann bunrechtúil.

Airteagal a Sé Déag: Sainmhíithe

16.1 Tabharfar “an Institiúid” feasta ar Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Tabharfar “AMLITPL” feasta ar Aontas Mic Léinn Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

16.2 Duine aonair a bheidh i “mac léinn lánaimseartha” a chláraigh ar chúrsa óna dteastaíonn freastal lánaimseartha san Institiúid.

16.3 Duine aonair é “mac léinn páirtaimseartha” atá cláraithe staidéar a dhéanamh ar chúrsa aitheanta páirtaimseartha san Institiúid.

16.4 Mac léinn atá in “athfhoghlaimoír” a bhfuil sárthorthaí bainte amach aige/aici i modúil ó bhlianta roimhe seo.

16.5 Mac léinn é “mac léinn Erasmus” ó scéim Erasmus gan aird ar an tír óna dtagann siad.

16.6 Oifigeach lánaimseartha íochta é “Oifigeach Sabóideach” a thoghtar leis an bpost sin i gcomhréir leis na hAirteagail a chuimsítear laistigh den bhunrecht seo.

16.7 Post tofa is ea “Oifigeach Páirtaimseartha” laistigh de AMLITPL ina ndéanann an mac léinn staidéar ar chúrsa san Institiúid agus iad ag oibriú go páirtaimseartha do AMLITPL.

16.8 Príomhionadaí is ea “Tionólaí” dá scoil agus toghar é/í ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil gach bliain.

16.9 Ionadaí tofa is ea “Ionadaí Ranga” ar rang mic léinn.

16.10 Fóram ar a ndéantar cathaoirleacht sheachtrach is ea “Comhairle na nIonadaithe Ranga” ina ndéanann ionadaithe ranga plé, díospóireacht agus cinneadh ar bheartas, nósanna imeachta agus ábhair eile a bhaineann le AMLITPL.

16.11 Is ionann “suíomh” agus aon láthair nó campas ar a bhfreastalaíonn mic léinn na hInstitiúide i gcúrsa aitheanta san Institiúid.

16.12 Tagróidh “Rang(anna)” do ghrúpa mic léinn atá cláraithe ar chúrsa agus chun críocha an bhunreacht seo, rang aonair a bheidh i ngrúpaí mic léinn ar an leibhéal céanna de chúrsa ina roinntear iad do bhreis agus 50% dá dteagasc.

16.13 Is é a bheidh i “Ranna Acadúla” scoile iad siúd a aithníonn Comhlacht Rialaithe na hInstitiúide.

16.14 “Leas-Uachtarán” atá i nduine amháin den bheirt Leas-Uachtarán a roghnaigh Uachtarán AMLITPL ag tosach an téarma. Déanfaidh an duine seo ionadú d’Uachtarán AMLITPL nuair a bhíonn siad as láthair.

16.15 Is éard atá i “Scoileanna Acadúla” ranna ar leith a mbaineann gach ceann díobh le disciplín uileghabhálach áirithe, seachas scoil ‘na Foghlama ar feadh an tSaoil’. ‘Daonnachtaí’, ‘Gnó’, ‘Eolaíocht Sláinte’, ‘Eolaíocht agus Ríomhaireacht’ agus ‘Innealtóireacht’ atá sna scoileanna eile san Institiúid.

